Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B RIALACHÁN (CE) UIMH 218/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Márta 2009

maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thoir Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

(IO L 87, 31.3.2009, lch. 70)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Council Regulation (EU) No 517/2013 of 13 May 2013 (*)	L 158	1	10.6.2013
►M2	Rialachán (AE) Uimh. 1350/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013	L 351	1	21.12.2013

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

▼B

RIALACHÁN (CE) UIMH 218/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Márta 2009

maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thoir Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

Airteagal 1

Déanfaidh gach Ballstát sonraí ar na gabhálacha ainmniúla bliantúla arna ndéanamh ag soithí atá cláraithe sa Bhallstát sin, nó a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu, agus atá ag iascaireacht san Atlantach Thoir Thuaidh, a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Áireofar sna sonraí ar na gabhálacha ainmniúla na táirgí iascaigh go léir a chuirtear i dtír nó a thrasloingsítear ar muir is cuma cén fhoirm ina bhfuil siad ach ní áireofar iontu na cainníochtaí sin arb é a dhéantar ina leith, tar éis iad a ghabháil, ná iad a chaitheamh i leataobh ar muir, iad a thomhailt ar bord nó iad a úsáid mar bhaoite ar bord. Eisiafar táirgeadh ó dhobharshaothrú. Déanfar taifeadadh ar na sonraí i bhfoirm choibhéis bheomheáchain na ngabhálacha nó na dtrasloingsithe, go dtí an tona is gaire.

Airteagal 2

1. Is iad na sonraí a bheidh le tíolacadh na gabhálacha ainmniúla i leith gach ceann de na speicis atá liostaithe in Iarscríbhinn I i ngach ceann de na réigiúin iascaireachta staidrimh atá liostaithe in Iarscríbhinn II agus a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.

2. Déanfar na sonraí le haghaidh gach bliana féilire a thíolacadh laistigh de shé mhí ó dheireadh na bliana. Ní bheidh gá le sonraí a thíolacadh maidir le comhcheangail idir réigiún iascaireachta/speiceas i gcás nár taifeadadh aon ghabhálacha ina leith sa tréimhse bhliantúil lena mbaineann an tíolacadh. Ní gá na sonraí le haghaidh speiceas miontábhachtach i mBallstát a shainaithint go leithleach sna sonraí arna dtíolacadh ach féadfar iad a áireamh i mír chomhiomlánaithe ar choinníoll nach dtéann meáchan na dtáirgí a thaifeadtar amhlaidh thar 10 % de mheáchan na gabhála iomláine sa Bhallstát sin sa mhí sin.

▼M2

3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5 agus leasú á dhéanamh aige ar Iarscríbhinní I, II, III, agus IV maidir leis na liostaí de na speicis agus de na réigiúin iascaireachta staidrimh, agus ar thuairiscí na réigiún iascaireachta sin, agus ar a mhéid atá sé ceadaithe comhiomlánú a dhéanamh ar shonraí.

Ní ghlacfar na gníomhartha tarmligthe sin ach nuair atá gá leo chun forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh; ní athrófar leo cineál roghnach na faisnéise a cheanglaítear a thabhairt agus ní fhorchuirfear leo ualach suntasach breise ar na Ballstáit nó ar na bhfreagróirí.

▼M2

Tabharfaidh an Coimisiún bonn cirt do na gníomhaíochtaí staidrimh dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe sin, agus leas á bhaint aige, nuair is iomchuí, as ionchur ó shaineolaithe ábhartha bunaithe a bheidh bunaithe ar anailís ar chost-éifeachtúlacht, lena n-áirítear measúnú ar an ualach ar fhreagróirí agus ar na costais táirgeachta, amhail dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 14(3) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

▼B

Airteagal 3

Ach amháin mar a n-ordaítear a mhalairt le forálacha arna nglacadh faoin gcomhbheartas iascaigh, ceadófar do Bhallstát teicníochtaí samplála a úsáid chun sonraí ar ghabhálacha a dhíorthú le haghaidh na gcodanna sin den loingeas iascaireachta a mbeadh gá le barraíocht nósanna imeachta riaracháin a chur i bhfeidhm ina leith chun iomlán na sonraí a fháil. Ní mór don Bhallstát mionsonraí ar na nósanna imeachta samplála, mar aon le mionsonraí ar an gcion de na sonraí iomlána a díorthaíodh trí úsáid a bhaint as teicníochtaí den sórt sin, a áireamh sa tuarascáil a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 6(1).

Airteagal 4

Comhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí i leith an Choimisiúin de bhun Airteagal 1 agus Airteagal 2 trí na sonraí a chur faoina bhráid ar mheán maighnéadach, san fhormáid a thaispeántar in Iarscríbhinn IV.

Féadfaidh na Ballstáit sonraí a thíolacadh san fhormáid a thuairiscítear in Iarscríbhinn V.

Ach formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún, féadfaidh na Ballstáit sonraí a thíolacadh i bhfoirm éagsúil nó ar mheán éagsúil.

▼M2

Airteagal 5

1. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 10 Eanáir 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

▼M2

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

▼B

Airteagal 6

1. Faoin 1 Eanáir 1993 cuirfidh na Ballstáit tuarascáil mhionsonraithe faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh tuairisc ar conas a dhíorthaítear na sonraí ar ghabhálacha agus ina sonrófar cé chomh hionadaíoch agus chomh hiontaofa is atá na sonraí sin. Déanfaidh an Coimisiún achoimre ar na tuarascálacha sin a tharraingt suas, i gcomhar leis na Ballstáit.

2. Déanfaidh na Ballstáit aon mhodhnuithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear faoi mhír 1 a chur in iúl don Choimisiún laistigh de thrí mhí ón tráth a dtabharfar isteach na modhnuithe sin.

▼M2

3. Déanfaidh an Coimisiún na tuarascálacha modheolaíocha, infhaighteacht sonraí agus iontaofacht sonraí agus saincheisteanna ábhartha eile a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a scrúdú uair sa bhliain leis na Ballstáit.

▼B

Airteagal 7

1. Aisghairtear leis seo Rialachán (CEE) Uimh. 3880/91.

2. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn VII.

▼B

Airteagal 8

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

IARSCRÍBHINN I

Liosta na speiceas a tuairiscíodh sa staidreamh ar ghabháil tráchtála san Atlantach Thoir Thuaidh

Ní mór do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar ghabhálacha ainmniúla na speiceas sin a bhfuil réiltín (*) ag gabháil leo. Tá an tuairisc ar ghabhálacha ainmniúla na speiceas eile roghnach a mhéid a bhaineann leis na speicis leithleacha a shainaithint. I gcás nach ndéantar sonraí a bhaineann leis na speicis leithleacha a thíolacadh, áfach, áireofar na sonraí sin i gcatagóirí comhiomlána. Féadfaidh na Ballstáit sonraí a bhaineann le speicis nach bhfuil ar an liosta a thíolacadh ar choinníoll go bhfuil na speicis sainaitheanta go soiléir.

Nóta:: is iad ‘n.s.a.’ agus ‘n.e.i.’ na giorrúcháin le haghaidh ‘ní shainaithnítear in aon áit eile’ agus ‘not elsewhere identified’ faoi seach.

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3 alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Brain fhionnuisce n.s.a.	FBR	*Abramis* spp.	Freshwater breams n.e.i.
Íd (Orfa)	FID	*Leuciscus (= Idus) idus*	Ide (Orfe)
Róiste	FRO	*Rutilus rutilus*	Roach
Carbán coiteann	FCP	*Cyprinus carpio*	Common carp
Carbán crosach	FCC	*Carassius carassius*	Crucian carp
Cúramán	FTE	*Tinca tinca*	Tench
Ciprinidí n.s.a.	FCY	*Cyprinidae*	Cyprinids n.e.i.
Liús	FPI	*Esox lucius*	Northern pike
Liúsphéirse	FPP	*Sander lucioperca*	Pike-perch
Péirse Eorpach	FPE	*Perca fluviatilis*	European perch
Lota	FBU	*Lota lota*	Burbot
Éisc fhionnuisce n.s.a.	FRF	*ex Osteichthyes*	Freshwater fishes n.e.i.
Bradáin fhearna n.s.a.	STU	*Acipenseridae*	Sturgeons n.e.i.
Eascann	ELE (*)	*Anguilla anguilla*	European eel
Pollán	FVE	*Coregonus albula*	Vendace
Éisc gheala n.s.a.	WHF	*Coregonus* spp.	Whitefishes n.e.i.
Bradán an Atlantaigh	SAL (*)	*Salmo salar*	Atlantic salmon
Breac geal	TRS	*Salmo trutta trutta*	Sea trout
Bric n.s.a.	TRO	*Salmo* spp.	Trouts n.e.i.
Ruabhric n.s.a.	CHR	*Salvelinus* spp.	Chars n.e.i.
Smealt Eorpach	SME	*Osmerus eperlanus*	European smelt
Salmonoidae n.s.a.	SLZ	*Salmonidae*	Salmonids n.e.i.
Iasc Geal Eorpach	PLN	*Coregonus lavaretus*	European whitefish
Coregonus oxyrinchus	HOU	*Coregonus oxyrinchus*	Houting
Loimprí	LAM	*Petromyzon* spp.	Lampreys
Sead alósach agus sead fhallacsach	SHD	*Alosa alosa, A. fallax*	Allis and twaite shads
Clupeoidei n.s.a.	DCX	*Clupeoidei*	Diadromous clupeoids n.e.i.
Éisc dhédhrómacha n.s.a.	DIA	*ex Osteichthyes*	Diadromous fishes n.e.i.
Scoilteán n.s.a.	MEG (*)	*Lepidorhombus whiffiagonis*	Megrim n.e.i.
Scoilteán na gceithre shúil	LDB	*Lepidorhombus boscii*	Fourspot megrim
Scoilteáin n.s.a.	LEZ (*)	*Lepidorhombus* spp.	Megrims n.e.i.

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3 alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Turbard	TUR (*)	*Psetta maxima*	Turbot
Broit	BLL (*)	*Scophthalmus rhombus*	Brill
Haileabó an Atlantaigh	HAL (*)	*Hippoglossus hippoglossus*	Atlantic halibut
Leathóg bhallach	PLE (*)	*Pleuronectes platessa*	European plaice
Haileabó Graonlannach	GHL (*)	*Reinhardtius hippoglossoides*	Greenland halibut
Leathóg bhán	WIT (*)	*Glyptocephalus cynoglossus*	Witch flounder
Daba gorm	PLA (*)	*Hippoglossoides platessoides*	Long-rough dab
Daba coiteann	DAB (*)	*Limanda limanda*	Common dab
Leathóg mhín	LEM (*)	*Microstomus kitt*	Lemon sole
Leith Eorpach	FLE (*)	*Platichthys flesus*	European flounder
Sól	SOL (*)	*Solea solea*	Common sole
Sól gainimh	SOS	*Pegusa lascaris*	Sand sole
Sól Seineagálach	OAL	*Solea senegalensis*	Senegalese sole
Sóil SOO	SOO (*)	*Solea* spp.	SOO Soles spp.
Leathóga n.s.a.	FLX	*Pleuronectiformes*	Flatfishes n.e.i.
Torsca	USK (*)	*Brosme brosme*	Tusk (= cusk)
Trosc an Atlantaigh	COD (*)	*Gadus morhua*	Atlantic cod
Colmóir Eorpach	HKE (*)	*Merluccius merluccius*	European hake
Langa	LIN (*)	*Molva molva*	Ling
Langa gorm	BLI (*)	*Molva dypterygia (= byrkelange)*	Blue ling
Colmóir gabhlach mór	GFB	*Phycis blennoides*	Greater forkbeard
Cadóg	HAD (*)	*Melanogrammus aeglefinus*	Haddock
Trosc Wachna	COW	*Eleginus nawaga*	Wachna cod (= navaga)
Glasán (= mangach)	POK (*)	*Pollachius virens*	Saithe (= pollock = coalfish)
Mangach	POL	*Pollachius pollachius*	Pollack
Trosc Polach	POC	*Boreogadus saida*	Polar cod
Troscán Lochlannach	NOP (*)	*Trisopterus esmarkii*	Norway pout
Troscán stopóige	BIB	*Trisopterus luscus*	Pouting (= bib)
Faoitín gorm (= poutassou)	WHB (*)	*Micromesistius poutassou*	Blue whiting (= poutassou)
Faoitín	WHG (*)	*Merlangius merlangus*	Whiting
Gránadóir cruinnsocach	RNG	*Coryphaenoides rupestris*	Roundnose grenadier
Troisc dhomhainmhara	MOR	*Moridae*	Morid cods
Miontrosc	POD	*Trisopterus minutus*	Poor cod
Trosc Graonlannach	GRC	*Gadus ogac*	Greenland cod
Trosc Artach	ATG	*Arctogadus glacialis*	Arctic cod
Gadiformes n.s.a.	GAD	*Gadiformes*	Gadiformes n.e.i.

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3 alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Airgintín mór	ARU	*Argentina silus*	Greater argentine
Airgintín	ARY	*Argentina sphyraena*	Argentine
Airgintíní	ARG	*Argentina* spp.	Argentines
Eascann choncair	COE	*Conger conger*	European conger
Deoraí an Atlantaigh	JOD	*Zeus faber*	Atlantic John Dory
Doingean mara Eorpach	BSS	*Dicentrarchus labrax*	Sea bass
Garúpach breacdhorcha	GPD	*Epinephelus marginatus*	Dusky grouper
Breac raice	WRF	*Polyprion americanus*	Wreckfish
Garúpaigh, doingin mhara	BSX	*Serranidae*	Sea basses, sea perches
Gramhsairí n.s.a.	GRX	*Haemulidae (= Pomadasyidae)*	Grunts n.e.i.
Argyrosomus regius	MGR	*Argyrosomus regius*	Meagre
Deargán	SBR	*Pagellus bogaraveo*	Red (= common) sea bream
Garbhánach coiteann	PAC	*Pagellus erythrinus*	Common pandora
Dentex mórshúileach	DEL	*Dentex macrophthalmus*	Large-eye dentex
Garbhánaigh dentex n.s.a.	DEX	*Dentex* spp.	Dentex n.e.i.
Garbhánach pargo	RPG	*Pagrus pagrus*	Red porgy
Garbhánach órcheannach	SBG	*Sparus aurata*	Gilthead sea bream
Bogue	BOG	*Boops boops*	Bogue
Garbhánaigh, doingin mhara n.s.a.	SBX	*Sparidae*	Porgies, sea breams n.e.i.
Milléad dearg	MUR	*Mullus surmuletus*	Red mullet
Goineadóir mór	WEG	*Trachinus draco*	Greater weaver
Cat mara an Atlantaigh	CAA (*)	*Anarhichas lupus*	Atlantic wolf-fish (= catfish)
Cat mara beag	CAS (*)	*Anarhichas minor*	Spotted wolf-fish
Eascann stopóige	ELP	*Zoarces viviparus*	Eel-pout
Corra gainimh	SAN (*)	*Ammodytes* spp.	Sand eels (= sand lances)
Mic shiobháin an Atlantaigh	GOB	*Gobius* spp.	Atlantic gobies
Péirsí mara an Atlantaigh	RED (*)	*Sebastes* spp.	Atlantic redfishes
Scairpéisc n.s.a.	SCO	*Scorpaenidae*	Scorpion fishes n.e.i.
Cnúdáin n.s.a.	GUX (*)	*Triglidae*	Gurnards n.e.i.
Léasán leice	LUM	*Cyclopterus lumpus*	Lumpfish (= lumpsucker)
Láimhíneach (= anglait)	MON (*)	*Lophius piscatorius*	Monk (= anglerfish)
Láimhíneach an bhoilg dhuibh	ANK	*Lophius budegassa*	Blackbellied angler
Láimhínigh n.s.a.	MNZ (*)	*Lophius* spp.	Monkfishes n.e.i.
Garmacháin	SKB	*Gasterosteus* spp.	Sticklebacks
Garbhánach ascailleach	SBA	*Pagellus acarne*	Axillary (= Spanish) seabream
Garbhánach dentex	DEC	*Dentex dentex*	Common dentex
Naoscéisc	SNI	*Macroramphosidae*	Snipe fishes
Doingean riabhach	STB	*Morone saxatilis*	Striped bass
Cait mhara n.s.a.	CAT (*)	*Anarhichas* spp.	Wolf-fishes (= catfishes) n.e.i.
Péirse dhomhainmhara	REB (*)	*Sebastes mentella*	Beaked redfish

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3 alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Péirse mhara	REG (*)	*Sebastes marinus*	Golden redfish
Cnúdán dearg	GUR (*)	*Aspitrigla (= Trigla) cuculus*	Red gurnard
Cnúdán glas	GUG (*)	*Eutrigla (= Trigla) gurnardus*	Grey gurnard
Cnúdán fadeiteach	GUM	*Chelidonichthys obscurus*	Long-finned gurnard
Cnúdán breac	CTZ	*Trigloporus lastoviza*	Streaked gurnard
Ribín rua	CBC	*Cepola macrophthalma*	Red bandfish
Méareite Phóil	TLD	*Nemadactylus monodactylus*	St Paul's fingerfin
Sicyopterus lagocephalus	IYL	*Sicyopterus lagocephalus*	Bichique
Iasc cairdinéalach dubh	EPI	*Epigonus telescopus*	Black cardinal fish
Gainneachán Meánmhuirí	HPR	*Hoplostethus mediterraneus*	Mediterranean slimehead
Scairpiasc spíonach	TZY	*Trachyscorpia cristulata*	Spiny Scorpionfish
Ballach breac	USB	*Labrus bergylta*	Ballan wrasse
Ballach donn	WRM	*Labrus merula*	Brown wrasse
Alfainsín taibhseach	BYS	*Beryx splendens*	Splendid alfonsino
Peirceamoirf ghrinnill n.s.a.	DPX	*Perciformes*	Demersal percomorphs n.e.i.
Caibeallán	CAP (*)	*Mallotus villosus*	Capelin
Corr uaine	GAR	*Belone belone*	Garfish
Preabaire an Atlantaigh	SAU	*Scomberesox saurus*	Atlantic saury
Milléid liatha n.s.a.	MUL	*Mugilidae*	Mullets n.e.i.
Iasc gorm	BLU	*Pomatomus saltatrix*	Bluefish
Bolmán an Atlantaigh	HOM (*)	*Trachurus trachurus*	Atlantic horse mackerel
Bolmán gorm	JAA	*Trachurus picturatus*	Blue jack mackerel
Bolmán na Meánmhara	HMM	*Trachurus mediterraneus*	Mediterranean horse mackerel
Bolmáin n.s.a.	JAX (*)	*Trachurus* spp.	Jack and horse mackerels n.e.i.
Lichia amia	LEE	*Lichia amia*	Leerfish
Sáimhín an Atlantaigh	POA	*Brama brama*	Atlantic pomfret
Airgintínigh (smealta gainimh)	SIL	*Atherinidae*	Silversides (= sandsmelt)
Peirceamoirf pheiligeacha n.s.a.	PPX	*Perciformes*	Pelagic percomorphs n.e.i.
Scadán an Atlantaigh	HER (*)	*Clupea harengus*	Atlantic herring
Mionsairdíní n.s.a.	SIX	*Sardinella* spp.	Sardinellas n.e.i.
Sairdín Eorpach (= pilséar)	PIL (*)	*Sardina pilchardus*	European sardine (= pilchard)
Salán	SPR (*)	*Sprattus sprattus*	Sprat
Ainseabhaí Eorpach	ANE (*)	*Engraulis encrasicolus*	European anchovy
Clupeoidei n.s.a.	CLU	*Clupeoidei*	Clupeoids n.e.i.
Boiníotó an Atlantaigh	BON	*Sarda sarda*	Atlantic bonito
Colgán	SWO	*Xiphias gladius*	Swordfish

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3 alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Tuinnín frigéid	FRI	*Auxis thazard*	Frigate tuna
Tuinín gorm	BFT	*Thunnus thynnus*	Northern bluefin tuna
Tuinín colgach	ALB	*Thunnus alalunga*	Albacore
Tuinnín buí	YFT	*Thunnus albacares*	Yellowfin tuna
Tuinnín	SKJ	*Katsuwonus pelamis*	Skipjack tuna
Tuinnín mórshúileach	BET	*Thunnus obesus*	Bigeye tuna
Éisc tuinnín n.s.a.	TUX	*Scombroidei*	Tuna-like fishes n.e.i.
Ronnach Seapánach	MAS (*)	*Scomber japonicus*	Chub mackerel
Ronnach an Atlantaigh	MAC (*)	*Scomber scombrus*	Atlantic mackerel
Ronnaigh n.s.a.	MAX	*Scombridae*	Mackerels n.e.i.
Scabaird airgid	SFS	*Lepidopus caudatus*	Silver scabbardfish
Scabaird dhubh	BSF	*Aphanopus carbo*	Black scabbardfish
Éisc ronnaigh n.s.a.	MKX	*Scombroidei*	Mackerel-like fishes n.e.i.
Craosaire	POR (*)	*Lamna nasus*	Porbeagle
Liamhán gréine	BSK	*Cetorhinus maximus*	Basking shark
Fíogach gobach	DGS (*)	*Squalus acanthias*	Picked (= spiny) dogfish
Siorc beagcheannach	GSK	*Somniosus microcephalus*	Greenland shark
Siorcanna fíogaigh n.s.a.	DGX (*)	*Squalidae*	Dogfish sharks n.e.i.
Sciataí n.s.a.	SKA (*)	*Raja* spp.	Skates n.e.i.
Fíogaigh agus scoirnigh	DGH (*)	*Squalidae, Scyliorhinidae*	Dogfishes and hounds
Siorcanna ilchineálacha n.s.a.	SKH	*Selachimorpha (Pleurotremata)*	Various sharks n.e.i.
Catsúiligh earrchíríneacha n.s.a.	GAU	*Galeus* spp.	Crest-tail catsharks n.e.i.
Catsúileach an bhéil dhuibh	SHO	*Galeus melastomus*	Blackmouth catshark
Catsúileach beag	SYC	*Scyliorhinus canicula*	Small-spotted catshark
Catsúiligh dhomhainmhara	API	*Apristurus* spp.	Deep-water catsharks
Catsúileach bréige	PTM	*Pseudotriakis microdon*	False catshark
Suansiorc beag	SOR	*Somniosus rostratus*	Little sleeper shark
Siorc slogach	GUP	*Centrophorus granulosus*	Gulper shark
Siorc slogach beag	CPU	*Squalus uyato*	Little gulper shark
Siorc slogach gainneach duille	GUQ	*Centrophorus squamosus*	Leafscale gulper shark
Siorc slogach ísealeite	CPL	*Centrophorus lusitanicus*	Lowfin gulper shark
Siorc slimbhoilg	ETX	*Etmopterus spinax*	Velvet belly
Lóchrannsiorc mór	ETR	*Etmopterus princeps*	Great lanternshark
Lóchrannsiorc mín	ETP	*Etmopterus pusillus*	Smooth lanternshark
Lóchrannsiorcanna n.s.a.	SHL	*Etmopterus* spp.	Lantern sharks n.e.i.
Fíogaigh n.s.a.	DNA	*Deania* spp.	Deania dogfishes n.e.i.
Fíogach gob éin	DCA	*Deania calcea*	Birdbeak dogfish
Fíogach Portaingéalach	CYO	*Centroscymnus coelolepis*	Portuguese dogfish
Fíogach slim socfhada	CYP	*Centroselachus crepidater*	Longnose velvet dogfish

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3 alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Fíogach slim socbheag	CYY	*Centroscymnus cryptacanthus*	Shortnose velvet dogfish
Fíogach scianfhiacaile beag	SYO	*Scymnodon obscurus*	Smallmouth knifetooth dogfish
Fíogach scianfhiacaile	SYR	*Scymnodon ringens*	Knifetooth dogfish
Siorc eite eitleoige	SCK	*Dalatias licha*	Kitefin shark
Fíogach dubh	CFB	*Centroscyllium fabricii*	Black dogfish
Garbhshiorc uilleach	OXY	*Oxynotus centrina*	Angular roughshark
Garbhshiorc seol-eiteach	OXN	*Oxynotus paradoxus*	Sailfin roughshark
Dris-siorc	SHB	*Echinorhinus brucus*	Bramble shark
Roic agus sciataí n.s.a.	RAJ	*Rajidae*	Rays and skates n.e.i.
Roc réaltach	RJR	*Amblyraja radiata*	Starry ray
Roc fionn	RJH	*Raja brachyura*	Blonde ray
Roc gainmheach	RJI	*Leucoraja circularis*	Sandy ray
Roc mionsúileach	RJE	*Raja microocellata*	Small-eyed ray
Roc dústríoctha	RJU	*Raja undulata*	Undulate ray
Sciata bán	RJA	*Rostroraja alba*	White skate
Roc cruinn	RJY	*Rajella fyllae*	Round ray
Coinín mara	CMO	*Chimaera monstrosa*	Rabbit fish
Gránadóirí n.s.a.	HYD	*Hydrolagus* spp.	Ratfishes n.e.i.
Ciméaraí sciansocacha	RHC	*Rhinochimaera* spp.	Knife-nosed chimaeras
Ciméaraí fadsocacha	HAR	*Harriotta* spp.	Longnose chimaeras
Éisc loingeánacha n.s.a.	CAR	*Chondrichthyes*	Cartilaginous fishes n.e.i.
Éisc ghrinnill n.s.a.	GRO	*ex Osteichthyes*	Groundfishes n.e.i.
Éisc pheiligeacha n.s.a.	PEL	*ex Osteichthyes*	Pelagic fishes n.e.i.
Éisc mhuirí n.s.a.	MZZ	*ex Osteichthyes*	Marine fishes n.e.i.
Éisc eite n.s.a.	FIN	*ex Osteichthyes*	Finfishes n.e.i.
Portán dearg	CRE (*)	*Cancer pagurus*	Edible crab
Portán glas	CRG	*Carcinus maenas*	Green crab
Portán faoilinne spíonach	SCR	*Maja squinado*	Spinous spider crab
Portáin mhara n.s.a.	CRA	*Reptantia*	Marine crabs n.e.i.
Luaineacháin n.s.a.	CRS	*Portunus* spp.	Swimcrabs n.e.i.
Gliomaigh spíonacha n.s.a.	CRW (*)	*Palinurus* spp.	Palinurid spiny lobsters n.e.i.
Gliomach Eorpach	LBE (*)	*Homarus gammarus*	European lobster
Gliomach na hIorua	NEP (*)	*Nephrops norvegicus*	Norway lobster
Cloicheán coiteann	CPR (*)	*Palaemon serratus*	Common prawn
Cloicheán Artach	PRA (*)	*Pandalus borealis*	Northern prawn
Séacla coiteann	CSH (*)	*Crangon crangon*	Common shrimp
Cloicheáin Penaeus n.s.a.	PEN (*)	*Penaeus* spp.	Penaeus shrimps n.e.i.
Séaclaí pailéamónacha	PAL (*)	*Palaemonidae*	Palaemonid shrimps

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3 alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Séaclaí bándearga	PAN (*)	*Pandalus* spp.	Pink (= pandalid) shrimps
Séaclaí	CRN (*)	*Crangonidae*	Crangonid shrimps
Deiceapóid natantia n.s.a.	DCP	*Natantia*	Natantian decapods n.e.i.
Giúrainn	GOO	*Lepas* spp.	Goose barnacles
Cloicheán locháin	PNQ	*Palaemon elegans*	Rockpool prawn
Deiltchloicheán	PIQ	*Palaemon longirostris*	Delta prawn
Gliomach carraige	JSP	*Jasus paulensis*	St Paul rock lobster
Gliomaigh n.s.a.	LOX	*Reptantia*	Lobsters n.e.i.
Gliomaigh ghogaideacha n.s.a.	LOQ	*Galatheidae*	Craylets, squat lobsters n.e.i.
Crústaigh mhara n.s.a.	CRU	*ex Crustacea*	Marine crustaceans n.e.i.
Cuachma	WHE	*Buccinum undatum*	Whelk
Faocha	PEE	*Littorina littorea*	Periwinkle
Faochain n.s.a.	PER	*Littorina* spp.	Periwinkles n.e.i.
Oisre Eorpach coiteann	OYF (*)	*Ostrea edulis*	European flat oyster
Cuasoisre an Aigéin Chiúin	OYG	*Crassostrea gigas*	Pacific cupped oyster
Cuasoisrí n.s.a.	OYC (*)	*Crassostrea* spp.	Cupped oyster n.e.i.
Diúilicín	MUS (*)	*Mytilus edulis*	Blue mussel
Diúilicíní mara n.s.a.	MSX	*Mytilidae*	Sea mussels n.e.i.
Muirín mór	SCE (*)	*Pecten maximus*	Common scallop
Cluaisín	QSC (*)	*Aequipecten opercularis*	Queen scallop
Muiríní n.s.a.	SCX (*)	*Pectinidae*	Scallops n.e.i.
Ruacan coiteann	COC	*Cerastoderma edule*	Common cockle
Breallach croise eitreach	CTG	*Ruditapes decussatus*	Grooved carpet shell
Breallach quahog	CLQ	*Arctica islandica*	Ocean quahog
Breallaigh n.s.a.	CLX	*Bivalvia*	Clams n.e.i.
Sceana mara	RAZ	*Solen* spp.	Razor clams
Breallach croise	CTS	*Venerupis pullastra*	Carpet shell
Maighdeog riabhach	SVE	*Chamelea gallina*	Striped venus
Maighdeoga n.s.a.	CLV	*Veneridae*	Venus clams n.e.i.
Breallaigh Thoinne Mhachtra n.s.a.	MAT	*Mactridae*	Mactra surf clams n.e.i.
Cuas-mhaighdeog	KFA	*Circomphalus casina*	Chamber venus
Ruacan con	GKL	*Glycymeris glycymeris*	Common European bittersweet
Breallaigh Donax	DON	*Donax* spp.	Donax clams
Ruacain n.s.a.	COZ	*Cardiidae*	Cockles n.e.i.
Ruachan uibhe na hIorua	LVC	*Laevicardium crassum*	Norwegian egg cockle
Bairnigh n.s.a.	LPZ	*Patella* spp.	Limpets n.e.i.
Cluasa mara n.s.a.	ABX	*Haliotis* spp.	Abalones n.e.i.
Gastrapóid n.s.a.	GAS	*Gastropoda*	Gastropods n.e.i.
Sliogán trach ubhchruthach	ULV	*Spisula ovalis*	Oval surf clam
Teillínigh n.s.a.	TWL	*Tellina* spp.	Tellins n.e.i.

▼B

Ainm Gaeilge	Aitheantóir 3 alfa	Ainm eolaíochta	Ainm Béarla
Cudal coiteann	CTC (*)	*Sepia officinalis*	Common cuttlefish
Máithreacha súigh	SQC (*)	*Loligo* spp.	Common squids
Scuid ghearreiteach	SQI (*)	*Illex illecebrosus*	Short-finned squid
Ochtapais n.s.a.	OCT	*Octopodidae*	Octopuses n.e.i.
Máithreacha súigh n.s.a.	SQU (*)	*Loliginidae, Ommastrephidae*	Squids n.e.i.
Cudail n.s.a.	CTL (*)	*Sepiidae, Sepiolidae*	Cuttlefishes n.e.i.
Scuid eitilte Eorpach	SQE (*)	*Todarodes sagittatus*	European flying squid
Ceifileapóid n.s.a.	CEP	*Cephalopoda*	Cephalopods n.e.i.
Moilisc n.s.a.	MOL	*ex Mollusca*	Marine molluscs n.e.i.
Crosóg mhara choiteann	STH	*Asterias rubens*	Starfish
Crosóga mara n.s.a.	STF	*Asteroidea*	Starfishes n.e.i.
Cuán mara coiteann	URS	*Echinus esculentus*	Sea urchin
Cuán mara dubh	URM	*Paracentrotus lividus*	Stony sea urchin
Cuáin mhara n.s.a.	URX	*Echinoidea*	Sea urchins n.e.i.
Súmairí cladaigh n.s.a.	CUX	*Holothuroidea*	Sea cucumbers n.e.i.
Eicínideirmeacha n.s.a.	ECH	*Echinodermata*	Echinoderms n.e.i.
Ascaid eitreach	SSG	*Microcosmus sulcatus*	Grooved sea squirt
Ascaidí n.s.a.	SSX	*Ascidiacea*	Sea squirts n.e.i.
Crú-phortán	HSC	*Limulus polyphemus*	Horseshoe crab
Inveirteabraigh uisceacha n.s.a.	INV	*ex Invertebrata*	Aquatic invertebrates n.e.i.
Feamainn rua	SWB	*Phaeophyceae*	Brown seaweeds
Carraigín	IMS	*Chondrus crispus*	Carragheen
Gelidium spp.	GEL	*Gelidium* spp.	Gelidium spp.
Clúimhíní cait	GIG	*Gigartina* spp.	Gigartina spp.
Lithothamnium spp.	LIT	*Lithothamnium* spp.	Lithothamniumspp.
Feamainn dhearg	SWR	*Rhodophyceae*	Red seaweeds
Feamainn n.s.a.	UCU	*Fucus* spp.	Wracks n.e.i.
Feamainn bhuí an Atlantaigh Thuaidh	ASN	*Ascophyllum nodosum*	North Atlantic rockweed
Míoránach	FUU	*Fucus serratus*	Toothed wrack
Glasán	UVU	*Ulva lactuca*	Sea lettuce
Feamainn n.s.a.	SWX	*ex Algae*	Seaweeds n.e.i.

▼B

IARSCRÍBHINN II

Réigiúin iascaireachta staidrimh an Atlantaigh thoir thuaidh a bhfuil sonraí le tíolacadh ina leith

Roinn ICES Ia

Roinn ICES Ib

Foroinn ICES IIa 1

Foroinn ICES IIa 2

Foroinn ICES IIb 1

Foroinn ICES IIb 2

Roinn ICES IIIa

Roinn ICES IIIb, c

Roinn ICES IVa

Roinn ICES IVb

Roinn ICES IVc

Foroinn ICES Va 1

Foroinn ICES Va 2

Foroinn ICES Vb 1a

Foroinn ICES Vb 1b

Foroinn ICES Vb 2

Roinn ICES VIa

Foroinn ICES VIb 1

Foroinn ICES VIb 2

Roinn ICES VIIa

Roinn ICES VIIb

Foroinn ICES VIIc 1

Foroinn ICES VIIc 2

Roinn ICES VIId

Roinn ICES VIIe

Roinn ICES VIIf

Roinn ICES VIIg

Roinn ICES VIIh

Foroinn ICES VIIj 1

Foroinn ICES VIIj 2

▼B

Foroinn ICES VIIk 1

Foroinn ICES VIIk 2

Roinn ICES VIIIa

Roinn ICES VIIIb

Roinn ICES VIIIc

Foroinn ICES VIIId 1

Foroinn ICES VIIId 2

Foroinn ICES VIIIe 1

Foroinn ICES VIIIe 2

Roinn ICES IXa

Foroinn ICES IXb 1

Foroinn ICES IXb 2

Foroinn ICES Xa 1

Foroinn ICES Xa 2

Roinn ICES Xb

Foroinn ICES XIIa 1

Foroinn ICES XIIa 2

Foroinn ICES XIIa 3

Foroinn ICES XIIa 4

Roinn ICES XIIb

Roinn ICES XIIc

Roinn ICES XIVa

Foroinn ICES XIVb 1

Foroinn ICES XIVb 2

BAL 22

BAL 23

BAL 24

BAL 25

BAL 26

BAL 27

BAL 28-1

BAL 28-2

BAL 29

BAL 30

BAL 31

BAL 32

▼B

Nótaí

1. Tá na réigiúin iascaireachta staidrimh sin a bhfuil ‘ICES’ ag gabháil rompu sainaitheanta agus sainmhínithe ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara.

2. Tá na réigiúin iascaireachta staidrimh sin a bhfuil ‘BAL’ ag gabháil rompu sainaitheanta agus sainmhínithe ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Iascach Mhuir Bhailt.

3. Ba cheart an méid mionsonraí agus is féidir a áireamh sna sonraí a thíolactar. Níor cheart réigiúin chomhiomlána agus ‘nach bhfuil ar eolas’ a úsáid ach amháin i gcás nach bhfuil an fhaisnéis mhionsonraithe ar fáil. I gcás ina ndéantar faisnéis mhionsonraithe a thíolacadh níor cheart catagóirí comhiomlána a úsáid.

Réigiúin iascaireachta staidrimh an Atlantaigh thoir thuaidh



▼B


Vb1b
Vb2
XIIa2
Vb1a
IVa
VIb1
VIb2
VIa
IVb
VIIa
VIIc1
VIIc2
VIIb
VIIc
VIIg
VIIf
VIIk2
VIIj2
VIId
VIIe
VIIk1
VIIh
VIIj1
VIIId1
VIIIa
VIIIe1
VIIId2
VIIIb
VIIIe2
VIIIc
IXb1
IXb2
IXa
60°N
50°N
40°N
20°W
10°W
0°
10°E

▼B



▼B

IARSCRÍBHINN III

Tuairisc ar fholimistéir agus ar ranna an ICES a úsáidtear chun críche staidrimh agus rialachán iascaigh san Atlantach Thoir Thuaidh

Limistéar staidrimh ICES (an tAtlantach Thoir Thuaidh)

Uiscí uile an Aigéin Atlantaigh agus an Aigéin Artaigh agus a bhfarraigí cleithiúnacha atá teorantach le líne a shíneann ón bPol Thuaidh geografach feadh na fadlíne 40°00′ siar go cósta thuaidh na Graonlainne; as sin soir agus ó dheas feadh chósta na Graonlainne go pointe ag 44°00′ siar; as sin ó dheas díreach go 59°00′ ó thuaidh; as sin soir díreach go 42°00′ siar; as sin ó dheas díreach go 36°00′ ó thuaidh; as sin soir díreach go pointe ar chósta na Spáinne (Cuing Punta Marroqui) ag 5°36′ siar; as sin siar ó thuaidh agus ó thuaidh feadh chósta thiar theas na Spáinne, chósta na Portaingéile, chóstaí thiar thuaidh agus thuaidh na Spáinne, agus chóstaí na Fraince, na Beilge, na hÍsiltíre agus na Gearmáine go dtí foirceann iartharach a teorann leis an Danmhairg; as sin feadh chósta thiar na hIútlainne go Thyboroen; as sin ó dheas agus soir feadh chósta theas Fhiord Lim go Rinn Egensekloster; as sin ó dheas feadh chósta thoir na hIútlainne go dtí an foirceann oirthearach de theorainn na Danmhairge leis an nGearmáin; as sin feadh chósta na Gearmáine, na Polainne, na Rúise, na Liotuáine, na Laitvia, na hEastóine, na Rúise, na Fionlainne, na Sualainne agus na hIorua, agus feadh chósta thuaidh na Rúise go Khaborova; as sin trasna bhéal thiar Chaolas Yugorskiy Shar; as sin siar agus ó thuaidh feadh chósta Oileán Vaigach; as sin trasna bhéal thiar an Chaolais amach ó Karskiye Vorota; as sin siar agus ó thuaidh feadh chósta oileán theas Novaya Zemlya; as sin trasna bhéal thiar Chaolas Matochkin Shar; as sin feadh chósta thiar oileán thuaidh Novaya Zemlya go pointe ag 68°30′ soir; as sin ó thuaidh díreach go dtí an Pol Thuaidh geografach.

Tá an limistéar seo in ionannas freisin le limistéar staidrimh 27 (limistéar staidrimh an Atlantaigh thoir thuaidh) in Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach Staidrimh ar Limistéir Iascaireachta an FAO (Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe).

Folimistéar staidrimh ICES I

Na huiscí atá teorantach le líne a shíneann ón bPol Thuaidh geografach feadh na fadlíne 30°00′ soir go 72°00′ ó thuaidh; as sin siar díreach go 26°00′ soir; as sin ó dheas díreach go cósta na hIorua; as sin soir feadh chóstaí na hIorua agus na Rúise go Khaborova; as sin trasna bhéal thiar Chaolas Yugorskiy Shar; as sin siar agus ó thuaidh feadh chósta Oileán Vaigach; as sin trasna bhéal thiar an Chaolais amach ó Karskiye Vorota; as sin siar agus ó thuaidh feadh chósta oileán theas Novaya Zemlya; as sin trasna bhéal thiar Chaolas Matochkin Shar; as sin feadh chósta thiar oileán thuaidh Novaya Zemlya go pointe ag 68°30′ soir; agus as sin ó thuaidh díreach go dtí an Pol Thuaidh geografach.

— *Roinn staidrimh ICES Ia*

An chuid sin d'fholimistéar I atá crioslaithe leis an líne lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas le chéile:

Domhanleithead	Domhanfhad
73,98 ó thuaidh	33,70 soir
74,18 ó thuaidh	34,55 soir
74,36 ó thuaidh	35,28 soir
74,71 ó thuaidh	36,38 soir
75,14 ó thuaidh	37,57 soir
75,45 ó thuaidh	38,31 soir

▼B

Domhanleithead	Domhanfhad
75,84 ó thuaidh	39,05 soir
76,26 ó thuaidh	39,61 soir
76,61 ó thuaidh	41,24 soir
76,96 ó thuaidh	42,81 soir
76,90 ó thuaidh	43,06 soir
76,75 ó thuaidh	44,48 soir
75,99 ó thuaidh	43,51 soir
75,39 ó thuaidh	43,18 soir
74,82 ó thuaidh	41,73 soir
73,98 ó thuaidh	41,56 soir
73,17 ó thuaidh	40,66 soir
72,20 ó thuaidh	40,51 soir
72,26 ó thuaidh	39,76 soir
72,62 ó thuaidh	38,96 soir
73,04 ó thuaidh	37,74 soir
73,37 ó thuaidh	36,61 soir
73,56 ó thuaidh	35,70 soir
73,98 ó thuaidh	33,70 soir

— *Roinn staidrimh ICES Ib*

An chuid sin d'fholimistéar I atá suite lasmuigh de roinn Ia.

Folimistéar staidrimh ICES II

Na huiscí atá teorantach le líne a shíneann ón bPol Thuaidh geografach feadh na fadlíne 30°00′ soir go 72°00′ ó thuaidh; as sin siar díreach go 26°00′ soir; as sin ó dheas díreach go cósta na hIorua; as sin siar agus siar ó dheas feadh chósta na hIorua go 62°00′ ó thuaidh; as sin siar díreach go 4°00′ siar; as sin ó thuaidh díreach go 63°00′ ó thuaidh; as sin siar díreach go 11°00′ siar; as sin ó thuaidh díreach go dtí an Pol Thuaidh geografach.

— *Roinn staidrimh ICES IIa*

Na huiscí atá teorantach le líne a thosaíonn ag pointe ar chósta thuaidh na hIorua ag 62°00′ ó thuaidh; as sin siar díreach go 4°00′ siar; as sin ó thuaidh díreach go 63°00′ ó thuaidh; as sin siar díreach go 11°00′ siar; as sin ó thuaidh díreach go 72°30′ ó thuaidh; as sin soir díreach go 30°00′ soir; as sin ó dheas díreach go 72°00′ ó thuaidh; as sin siar díreach go 26°00′ soir; as sin ó dheas díreach go cósta na hIorua; as sin siar agus siar ó dheas feadh chósta an hIorua go dtí an túsphointe.

— Foroinn staidrimh ICES IIa 1

An chuid sin de roinn IIa atá suite laistigh den líne lena gceanglaítear na comhordanáidí seo a leanas le chéile:

Domhanleithead	Domhanfhad
73,50 ó thuaidh	00,20 siar
73,50 ó thuaidh	07,21 soir
73,45 ó thuaidh	07,28 soir
73,14 ó thuaidh	07,83 soir
72,76 ó thuaidh	08,65 soir
72,49 ó thuaidh	09,33 soir
72,31 ó thuaidh	09,83 soir
72,18 ó thuaidh	10,29 soir

▼B

Domhanleithead	Domhanfhad
71,98 ó thuaidh	09,94 soir
71,91 ó thuaidh	09,70 soir
71,64 ó thuaidh	08,75 soir
71,36 ó thuaidh	07,93 soir
71,13 ó thuaidh	07,42 soir
70,79 ó thuaidh	06,73 soir
70,17 ó thuaidh	05,64 soir
69,79 ó thuaidh	05,01 soir
69,56 ó thuaidh	04,74 soir
69,32 ó thuaidh	04,32 soir
69,10 ó thuaidh	04,00 soir
68,86 ó thuaidh	03,73 soir
68,69 ó thuaidh	03,57 soir
68,46 ó thuaidh	03,40 soir
68,23 ó thuaidh	03,27 soir
67,98 ó thuaidh	03,19 soir
67,77 ó thuaidh	03,16 soir
67,57 ó thuaidh	03,15 soir
67,37 ó thuaidh	03,18 soir
67,18 ó thuaidh	03,24 soir
67,01 ó thuaidh	03,31 soir
66,84 ó thuaidh	03,42 soir
66,43 ó thuaidh	03,27 soir
66,39 ó thuaidh	03,18 soir
66,23 ó thuaidh	02,79 soir
65,95 ó thuaidh	02,24 soir
65,64 ó thuaidh	01,79 soir
65,38 ó thuaidh	01,44 soir
65,32 ó thuaidh	01,26 soir
65,08 ó thuaidh	00,72 soir
64,72 ó thuaidh	00,04 soir
64,43 ó thuaidh	00,49 siar
64,84 ó thuaidh	01,31 siar
64,92 ó thuaidh	01,56 siar
65,13 ó thuaidh	02,17 siar
65,22 ó thuaidh	02,54 siar
65,39 ó thuaidh	03,19 siar
65,47 ó thuaidh	03,73 siar
65,55 ó thuaidh	04,19 siar
65,59 ó thuaidh	04,56 siar
65,69 ó thuaidh	05,58 siar
65,96 ó thuaidh	05,60 siar
66,22 ó thuaidh	05,67 siar
66,47 ó thuaidh	05,78 siar
67,09 ó thuaidh	06,25 siar
67,61 ó thuaidh	06,62 siar
67,77 ó thuaidh	05,33 siar
67,96 ó thuaidh	04,19 siar

▼B

Domhanleithead	Domhanfhad
68,10 ó thuaidh	03,42 siar
68,33 ó thuaidh	02,39 siar
68,55 ó thuaidh	01,56 siar
68,86 ó thuaidh	00,61 siar
69,14 ó thuaidh	00,08 soir
69,44 ó thuaidh	00,68 soir
69,76 ó thuaidh	01,18 soir
69,97 ó thuaidh	01,46 soir
70,21 ó thuaidh	01,72 soir
70,43 ó thuaidh	01,94 soir
70,63 ó thuaidh	02,09 soir
70,89 ó thuaidh	02,25 soir
71,14 ó thuaidh	02,35 soir
71,35 ó thuaidh	02,39 soir
71,61 ó thuaidh	02,38 soir
71,83 ó thuaidh	02,31 soir
72,01 ó thuaidh	02,22 soir
72,24 ó thuaidh	02,06 soir
72,43 ó thuaidh	01,89 soir
72,60 ó thuaidh	01,68 soir
72,75 ó thuaidh	01,48 soir
72,99 ó thuaidh	01,08 soir
73,31 ó thuaidh	00,34 soir
73,50 ó thuaidh	00,20 siar

— Foroinn staidrimh ICES IIa 2

An chuid sin de roinn IIa nach bhfuil suite laistigh d'fhoroinn IIa 1.

— *Roinn staidrimh ICES IIb*

Na huiscí atá teorantach le líne a shíneann ón bPol Thuaidh geografach feadh na fadlíne 30°00′ soir go 73°30′ ó thuaidh; as sin siar díreach go 11°00′ siar; as sin ó thuaidh díreach go dtí an Pol Thuaidh geografach.

— Foroinn staidrimh ICES IIb 1

An chuid sin de roinn IIb atá teorannaithe leis na comhordanáidí seo a leanas:

Domhanleithead	Domhanfhad
73,50 ó thuaidh	07,21 soir
73,50 ó thuaidh	00,20 siar
73,60 ó thuaidh	00,48 siar
73,94 ó thuaidh	01,88 siar
74,09 ó thuaidh	02,70 siar
74,21 ó thuaidh	05,00 siar
74,50 ó thuaidh	04,38 siar
75,00 ó thuaidh	04,29 siar
75,30 ó thuaidh	04,19 siar
76,05 ó thuaidh	04,30 siar
76,18 ó thuaidh	04,09 siar

▼B

Domhanleithead	Domhanfhad
76,57 ó thuaidh	02,52 siar
76,67 ó thuaidh	02,10 siar
76,56 ó thuaidh	01,60 siar
76,00 ó thuaidh	00,80 soir
75,87 ó thuaidh	01,12 soir
75,64 ó thuaidh	01,71 soir
75,21 ó thuaidh	03,06 soir
74,96 ó thuaidh	04,07 soir
74,86 ó thuaidh	04,55 soir
74,69 ó thuaidh	05,19 soir
74,34 ó thuaidh	06,39 soir
74,13 ó thuaidh	06,51 soir
73,89 ó thuaidh	06,74 soir
73,60 ó thuaidh	07,06 soir
73,50 ó thuaidh	07,21 soir

— Foroinn staidrimh ICES IIb 2

An chuid sin de roinn IIb nach bhfuil suite laistigh d'fhoroinn IIb 1.

Folimistéar staidrimh ICES III

Na huiscí atá teorantach le líne a thosaíonn ag pointe ar chósta na hIorua ag 7°00′ soir; as sin ó dheas díreach go 57°30′ ó thuaidh; as sin soir díreach go 8°00′ soir; as sin ó dheas díreach go 57°00′ ó thuaidh; as sin soir díreach go cósta na Danmhairge; as sin feadh chóstaí thiar thuaidh agus thoir na hIútlainne go Hals; as sin trasna bhéal thoir Fiord Lim go Rinn Egensekloster; as sin ó dheas feadh chósta na hIútlainne go dtí an foirceann oirthearach de theorainn na Danmhairge leis an nGearmáin; as sin feadh chóstaí na Gearmáine, na Polainne, na Rúise, na Liotuáine, na Laitvia, na hEastóine, na Rúise, na Fionlainne, na Sualainne agus na hIorua go dtí an túsphointe.

— *Roinn staidrimh ICES IIIa*

Na huiscí atá teorantach le líne a thosaíonn ag pointe ar chósta na hIorua ag 7°00′ soir; as sin ó dheas díreach go 57°30′ ó thuaidh; as sin soir díreach go 8°00′ soir; as sin ó dheas díreach go 57°00′ ó thuaidh; as sin soir díreach go cósta na Danmhairge; as sin feadh chóstaí thiar thuaidh agus thoir na hIútlainne go Hals; as sin trasna bhéal thoir Fiord Lim go Rinn Egensekloster; as sin ó dheas feadh chósta na hIútlainne go Ceann Hasenoere; as sin trasna an Storebælt go Rinn Gniben; as sin feadh chósta thuaidh na Séalainne go Ceann Gilbjerg; as sin trasna na mbealaí isteach ó thuaidh chuig Œresund go Kullen ar chósta na Sualainne; as sin soir agus ó thuaidh feadh chósta thiar na Sualainne agus feadh chósta theas na hIorua go dtí an túsphointe.

— *Roinn staidrimh ICES IIIb agus c*

Na huiscí atá teorantach le líne a shíneann ó Cheann Hasenoere ar chósta thoir na hIútlainne go Rinn Gniben ar chósta thiar na Séalainne go Ceann Gilbjerg; as sin trasna na mbealaí isteach ó thuaidh chuig Œresund go Kullen ar chósta na Sualainne; as sin ó dheas feadh chósta na Sualainne go Teach Solais Falsterbo; as sin trasna bhéal theas Œresund go Teach Solais Stevns; as sin feadh chósta thoir theas na Séalainne; as sin trasna bhéal oirthearach Chaolas Storstroem; as sin feadh chósta thoir oileán Falster go Gedser; as sin go Darsser Ort ar chósta na Gearmáine; as sin siar ó dheas feadh chósta na Gearmáine agus cósta thoir na hIútlainne go dtí an túsphointe.

▼B

— Foroinn staidrimh ICES 22 (BAL 22)

Na huiscí atá teorantach le líne a shíneann ó Cheann Hasenoere (56°09′ ó thuaidh, 10°44′ soir) ar chósta thoir na hIútlainne go Rinn Gniben (56°01′ ó thuaidh, 11°18′ soir) ar chósta thiar na Séalainne; as sin feadh chóstaí thiar agus theas na Séalainne go pointe ag 12°00′ soir; as sin ó dheas díreach go dtí an oileán Falster; as sin feadh chósta thoir oileán Falster go Gedser Odd (54°34′ ó thuaidh, 11°58′ soir); as sin soir díreach go 12°00′ soir; as sin ó dheas díreach go cósta na Gearmáine; as sin siar ó dheas feadh chósta na Gearmáine agus oirthear na hIútlainne go dtí an túsphointe.

— Foroinn staidrimh ICES 23 (BAL 23)

Na huiscí atá teorantach le líne a shíneann ó Cheann Gilbjerg (56°08′ ó thuaidh, 12°18′ soir) ar chósta thuaidh na Séalainne go Kullen (56°18′ ó thuaidh, 12°28′ soir) ar chósta na Sualainne; as sin ó dheas feadh chósta na Sualainne go Teach Solais Falsterbo (55°23′ ó thuaidh, 12°50′ soir), as sin trí bhéal theas an tSunda a théann go Teach Solais Stevns (55°19′ ó thuaidh, 12°29′ soir) ar chósta na Séalainne; as sin ó thuaidh feadh chósta thoir na Séalainne go dtí an túsphointe.

— Foroinn staidrimh ICES 24 (BAL 24)

Na huiscí atá teorantach le líne a shíneann ó Teach Solais Stevns (55°19′ ó thuaidh, 12°29′ soir) ar chósta thoir na Séalainne trí bhéal theas an tSunda a théann go Teach Solais Falsterbo (55°23′ ó thuaidh, 12°50′ soir) ar chósta na Sualainne; as sin feadh chósta theas na Sualainne go dtí Teach Solais Sandhammaren (55°24′ ó thuaidh, 14°12′ soir); as sin go dtí Teach Solais Hammerodde (55°18′ ó thuaidh, 14°47′ soir) ar chósta thuaidh Bornholm; as sin feadh chóstaí thiar agus theas Bornholm go pointe ag 15°00′ soir; as sin ó dheas díreach go cósta na Polainne; as sin siar feadh chóstaí na Polainne agus na Gearmáine go pointe ag 12°00′ soir; as sin ó thuaidh díreach go pointe ag 54°34′ ó thuaidh, 12°00′ soir; as sin siar díreach go Gedser Odde (54°34′ ó thuaidh, 11°58′ soir); as sin feadh chóstaí thoir agus thuaidh oileán Falster go pointe ag 12°00′ soir; as sin ó thuaidh díreach go cósta theas na Séalainne; as sin siar agus ó thuaidh feadh chósta thiar na Séalainne go dtí an túsphointe.

— Foroinn staidrimh ICES 25 (BAL 25)

